Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11717/1/20**
**REV 1**

**SOC 607**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11087/20 |
| Ábhar: | Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Dea-bhail Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe<br>Conclúidí ón gComhairle (an 9 Meán Fómhair) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Dea-bhail Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn ar cuireadh clabhsúr leis an 9 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Cearta an Duine, Rannpháirtíocht agus Dea-bhail Daoine Scothaosta i Ré an Digitithe**

**Conclúidí ón gComhairle**

Agus an méid seo a leanas Á MHEABHRÚ DI:

1. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas Eorpach cearta an duine a chaomhnú, ar cearta iad atá doroinnte agus dúchasach do gach duine, gan beann ar aois, *inter alia* trí Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, go háirithe Airteagail 25, 21, 34 agus 35 di.

2. Leagtar amach le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i measc nithe eile, prionsabail a bhaineann le dálaí maireachtála níos fearr do gach duine, gan beann ar a n-aois, agus go háirithe: an ceart chun oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil (Prionsabal 1), a luaitear freisin i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna); an ceart ag cách ar chóir chomhionann agus ar chomhdheiseanna maidir le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal (Prionsabal 3); an ceart ar chosaint shóisialta leordhóthanach (Prionsabal 12); an ceart ag cách ar shochair leordhóthanacha ioncaim íosta (Prionsabal 14); an ceart ag oibrithe agus daoine féinfhostaithe atá ar scor pinsean a fháil atá i gcomhréir leis na ranníocaíochtaí atá déanta acu, comhdheiseanna ag mná agus ag fir cearta pinsin a fháil, an ceart ag cách gur féidir leo saol faoi dhínit a chaitheamh (Prionsabal 15); an ceart ag cách rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte coisctheach, leigheasach inacmhainne ar ardchaighdeán (Prionsabal 16); an ceart ag cách ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh inacmhainne ar ardchaighdeán, go háirithe cúram sa bhaile agus seirbhísí pobalbhunaithe (Prionsabal 18); an ceart ag cách ar sheirbhísí bunriachtanacha, lena n-áirítear an chumarsáid dhigiteach (Prionsabal 20).

3. Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tiomanta do na conarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine ábhartha (ICCPR[1], ICESCR[2], CERD[3], CEDAW[4], CAT[5], CRPD[6], ECHR[7]) atá infheidhme maidir le gach duine gan beann ar a n-aois.

4. Chomhaontaigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, *inter alia*, Prionsabail na Náisiún Aontaithe do Dhaoine Scothaosta (1991), Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Mhaidrid maidir le hAosú (2002) agus an Straitéis Cur Chun Feidhme Réigiúnach don Eoraip (2002), chomh maith le Dearbhú Aireachta Liospóin (2017).

5. Tá gealltanas polaitiúil tugtha ag an gComhairle sna conclúidí maidir le 'Geilleagar na dea-bhaile' (2019) an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus na buntáistí a bhaineann leis an digitiú a áirithiú do gach duine. Athdhearbhaíodh gealltanas polaitiúil na Comhairle don fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn sna conclúidí uaithi maidir le 'Dúshláin Dhéimeagrafacha – An Bealach Chun Cinn' (2020), lena ndírítear freisin ar na scileanna is gá sa saol digitithe, ar aosú folláin gníomhach agus ar fheasacht a ardú maidir le cearta daoine scothaosta. Ina theannta sin, cuirtear i dtreis go láidir leis an gClár Oibre Scileanna ón gCoimisiún Eorpach (2020) an tábhacht a bhaineann le foghlaim ar feadh an tsaoil a bhaint amach do chách chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 agus na héifeachtaí a mhaolú. Sna conclúidí maidir le 'An Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac: cur chuige comhtháite' (2016), d'iarr an Chomhairle go gcuirfí bearta chun feidhme i gcoinne an eisiaimh shóisialta, lena n-áirítear bearta lena ndírítear ar dhaoine scothaosta.

---

1 An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.
2 An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha.
3 An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú.
4 An Coinbhinsiún maidir le gach Cineál Idirdhealaithe in Aghaidh Ban a Dhíothú.
5 An Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach.
6 An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (tá an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo).
7 An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

6. Sainaithnítear sa *European Commission Report on the Impact of Demographic Change*[Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh][8], gur mórfhorbairt é an méadú ar ionchas saoil laistigh den Aontas, lena gcuirtear chun suntais go bhfuil ionchas saoil na mban tráth na breithe cúig bliana go leith níos airde ná mar a bhíonn sé ag na fir; is iad daoine scothaosta an t-aoisghrúpa is mó fás. Tá an méadú ar ionchas saoil ag gabháil le méadú ar bhlianta i sláinte mhaith. Tá an t-aoisghrúpa seo an-ilchineálach, mar gheall ar dhifríochtaí i dtaithí phearsanta saoil, agus is minic é thar a bheith féinchinntithe. Léirítear sa tuarascáil an t-idirghaol atá idir gníomhaíocht a dhéanamh i leith athrú déimeagrafach agus téarnamh ó phaindéim COVID-19, agus cumhdaítear inti saincheisteanna amhail uaigneas, leithlisiú sóisialta agus rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí riachtanacha a sholáthar.

7. Sa Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean, a d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Chosaint Shóisialta go comhpháirteach, cuirtear i dtreis go bhfuil córais cosanta sóisialta atá leordhóthanach agus inbhuanaithe fíorthábhachtach do dhaoine scothaosta[9]. Ina theannta sin, aithnítear sa tuarascáil i ndáil le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach arna hullmhú i gcomhpháirt an gá atá le rochtain ar cháilíocht seirbhísí cúraim a áirithiú do dhaoine scothaosta.

8. Baineann deiseanna agus dúshláin leis an digitiú do gach grúpa den tsochaí, lena n-áirítear do dhaoine scothaosta. Bhí ról tábhachtach ag an digitiú maidir le teagmháil a dhéanamh le daoine scothaosta le linn ghéarchéim COVID-19. Sa tuarascáil ó Shaineolaí Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le tairbhiú chearta uile an duine a bheith ag daoine scothaosta (2017) agus tionchar na róbataice duinelárnaí agus an uathoibrithe ar chearta daoine scothaosta, cuirtear chun suntais gur féidir leis an róbataic a bheith ina cúis le dul chun cinn tábhachtach maidir le neamhspleáchas agus rannpháirtíocht ghníomhach dhaoine scothaosta a bhaint amach. Mar sin féin, tá sé d'acmhainn ag an dul chun cinn teicneolaíoch agus ag an digitiú cearta pearsanta a chur i mbaol, amhail an ceart chun príobháideachais. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an saol ag éirí níos digitithe i gcónaí, tá tábhacht níos mó anois ná riamh leis an litearthacht dhigiteach. De réir na tuarascála, is féidir leis an digitiú míchothromaíochtaí a mhéadú agus/nó grúpaí áirithe a eisiamh a bhfuil rochtain theoranta nó easpa rochtana acu ar an teicneolaíocht dhigiteach; is féidir le húsáid na teicneolaíochta cúnta agus na róbataice maidir le cúram do dhaoine scothaosta dochar a dhéanamh do dhínit an úsáideora.

---

**8** *European Commission Report on the Impact of Demographic Change* [Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh](Meitheamh 2020), 8991/20.

9 Tuarascáil 2018 maidir le Leordhóthanacht Pinsean: leordhóthanacht ioncaim reatha agus leordhóthanacht ioncaim a bheidh ann amach anseo do dhaoine scothaosta san Aontas, Imleabhar I, 9523/18 + ADD 1 + ADD 2.

9. Tá deighilt mhór dhigiteach idir na glúine agus dá shine an duine téann an deighilt sin i méid. Léiríonn Suirbhé ar Chearta Bunúsacha 2019[10] go n-úsáideann duine as gach cúigear (20 %) san Aontas atá 75 bliana d'aois nó níos sine an t-idirlíon, ó am go chéile ar a laghad, i gcomparáid le 98 % de dhaoine idir 16-29 mbliana d'aois. Léirítear i suirbhé na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha[11] freisin an bhearna atá ann maidir leis an idirlíon a úsáid chun seirbhísí a rochtain, agus úsáid níos lú á baint ag daoine scothaosta as an idirlíon le haghaidh baincéireacht ar líne agus siopadóireacht ar líne (déanann 46 % de dhaoine atá 75 bliana d'aois nó níos sine siopadóireacht ar líne ó am go chéile ar a laghad, i gcomparáid le 81 % de dhaoine idir 16-29 mbliana d'aois). Léiríonn an suirbhé gurb iad easpa rochtana ar sheirbhísí idirlín, chomh maith le heaspa scileanna riachtanacha na príomhbhacainní ar dhaoine scothaosta an t-idirlíon a úsáid.

10. Léiríonn sonraí Eurostat[12] go bhfuil an bhearna idir aoisghrúpaí á dúnadh ó thaobh rochtain a bheith acu ar theicneolaíochtaí nua-aimseartha faisnéise agus cumarsáide agus a n-úsáid. Ag an am céanna, léiríonn siad go bhfuil deighilt ann idir fir scothaosta agus mná scothaosta maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha. Mar gheall ar dhifríochtaí idir mná agus fir maidir le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus mar gheall ar roghanna gairmiúla, is cosúil go bhfuil fir scothaosta níos oscailte do theicneolaíochtaí digiteacha ná mná.

DE BHRÍ gur fíor an méid seo a leanas:

11. Tá spriocanna maidir le himthosca saoil daoine scothaosta leagtha síos ag an Aontas Eorpach i Straitéis Liospóin faoin ngné, 'Fás Cuimsitheach', GO BHFUIL sprioc fostaíochta Straitéis Eoraip 2020 dírithe go sainráite ar fhostaithe scothaosta AGUS GO BHFUIL gealltanas tugtha ag an gCoimisiún, san Ardán Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta agus an Eisiaimh Shóisialta, measúnú a dhéanamh an iomchuí agus inbhuanaithe iad na córais slándála sóisialta agus conas feabhas a chur ar an rochtain ar chórais cúraim sláinte, shóisialta agus fhadtéarmaigh.

---

**10** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *What do Fundamental Rights Mean for People in the EU*, [Cad a chiallaíonn cearta bunúsacha do dhaoine san Aontas] Lucsamburg 2020, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha – Suirbhé ar Chearta Bunúsacha.

**11** Táthar ag súil go scaipfear achoimre ar an suirbhé seo 'Daoine scothaosta agus an digiteáil' faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2020; foilseofar sonraí iomlána an tsuirbhé níos faide anonn i mbliana.

**12** Eurostat, *Ageing Europe. Looking at the lives of older people in the EU* [Eoraip atá ag Aosú, Breathnú ar shaol daoine scothaosta san Aontas], 2019 lch. 134.

12. Sna conclúidí uaithi maidir le hAosú Gníomhach (2010), d'iarr an Chomhairle go mbunófaí 'Bliain Eorpach um Aosú Gníomhach agus um Dhlúthpháirtíocht idir na Glúine 2012' agus in 2012, d'fhormhuinigh sí na 'Treoirphrionsabail um Aosú Gníomhach'. D'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte na blianta 2020 go dtí 2030 ina 'Deich mBliana d'Aosú Folláin'.

13. Sna conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu: beartais agus cleachtais an chúraim a fheabhsú (2015), d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach go neartófaí cearta daoine a bhfuil néaltrú orthu agus a chur ar a gcumas do dhaoine aosú le dínit.

14. Le linn an 4ú Comhdháil Aireachta den Choimisiún Eacnamaíoch don Eoraip (UNECE) maidir le hAosú, d'iarr na hAirí ina nDearbhú Liospóin go mb'ann do 'Shochaí Inbhuanaithe do dhaoine de gach aois: an poitéinseal a ghabhann le saol níos faide a fhíorú' agus gheall siad go dtacóidís le rochtain ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus lena leathnú amach agus le forbairt scileanna mar riachtanas don sásamh saoil ag aois ar bith; Maidir leis an oideachas, rannpháirtíocht shóisialta agus foghlaim ar feadh an tsaoil – anuas ar úsáid dhíreach a bhaint as eolas agus scileanna chun críoch ghairmiúil – eascraíonn cáilíocht saoil agus taitneamh saoil astu, is spreagadh iad do dhaoine scothaosta páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol polaitiúil, cultúrtha agus sóisialta cuirtear chun cinn leo an idirghníomhaíocht agus an dlúthpháirtíocht idir na glúine.

15. In 2010, bunaíodh 'Meitheal Neamhiata um Aosú' na Náisiún Aontaithe (OEWG-A), le rún 65/182 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, leis an sainordú chun cosaint cearta daonna daoine scothaosta a neartú trí mhachnamh a dhéanamh ar an gcreat idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le cearta daonna daoine scothaosta, chun aon bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun a chinneadh conas is féidir aghaidh a thabhairt orthu a éifeachtaí is féidir, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar indéantacht ionstraimí agus beart breise; in 2014, chinn Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine saineolaí neamhspleách ar theachtadh chearta uile an duine ag daoine scothaosta a cheapadh agus éisteacht a thabhairt do mholtaí an tsaineolaí sin.

Agus an méid seo a leanas Á ADMHÁIL AICI:

16. Tá cearta uile an duine agus na saoirsí bunúsacha uile mar a chumhdaítear iad sna conarthaí um chearta an duine uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar; tá siad infheidhme maidir le mná agus fir scothaosta ar an gcaoi chéanna le haon duine agus ní mór iad a ráthú freisin gan eisceacht do dhaoine scothaosta. Áirítear leis sin, go háirithe, an ceart bunúsach chun cóir chomhionann a fháil – gan beann ar aois – go háirithe maidir le cosaint agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Is fíor an méid sin freisin le linn géarchéimeanna sláinte, amhail paindéim COVID-19, a bhfuil rochtain ar chúram sláinte inacmhainne ar ardchaighdeán ríthábhachtach lena linn.

17. Is mór a chuir daoine scothaosta le feidhmiú sochaithe saora agus daonlathacha trína ndlúthpháirtíocht agus tá siad fós ag déanamh amhlaidh. De réir an fhoilseacháin ó Eurostat *Ageing Europe* [Aosú san Eoraip], is mór an méid ama a chaitheann daoine scothaosta ag obair gan íocaíocht. Glacann breis is an cúigiú cuid de dhaoine scothaosta idir 65 agus 74 bliana d'aois páirt in obair dheonach fhoirmiúil. Leanann daoine atá 75 bliana d'aois nó níos sine sin de bheith gníomhach má ligeann a sláinte dóibh. Fairis sin, déanann mná scothaosta go háirithe obair chúraim gan íocaíocht, laistigh dá dteaghlach den chuid is mó, pé ag tabhairt cúraim dá bpáirtithe nó do leanaí é, ag tacú ar an gcaoi sin le glúin mheánaosta saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a chothromú. Le linn phaindéim COVID-19, ghlac daoine scothaosta chucu féin cúraimí don phobal, cibé trí fhilleadh ón scor mar fhoireann leighis nó altranais, nó i seirbhísí deonacha le faoiseamh a thabhairt do dhaoine eile ina saol laethúil.

18. Méadaíodh ar rannpháirtíocht daoine scothaosta i margadh an tsaothair i roinnt Ballstát trí bhearta éagsúla, amhail fad a chur leis an saol oibre, cinntí deonacha a ghlacadh lena gcuirtear síneadh leis an aois scoir, leanúint den aosú gníomhach agus sláintiúil, inrochtaineacht agus cóiríocht réasúnta a fheabhsú nó aistriú solúbtha agus céimseach chuig an scor a chur ar fáil.

19. Is mó an tionchar ar dhaoine scothaosta ná ar dhaoine eile atá ag na bearta a glacadh chun paindéim COVID-19 a imshrianadh, mar a léirítear sna feasacháin ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA) agus sna tuairiscí ón Lárionad Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)[13]. Is mó an baol dóibh aimhréidheanna tromchúiseacha sláinte de thoradh ar an ngalar a tholgadh toisc iad a bheith níos sine nó bunriochtaí sláinte a bheith leitheadúil ina measc. Imríonn na bearta a glacadh, amhail rialacha maidir le scaradh sóisialta, bearta dianghlasála, dúnadh institiúidí etc., tionchar mór ar dhaoine scothaosta. Níor ceadaíodh, nó ní cheadaítear fós, do dhaoine atá ina gcónaí i dtithe cúraim, a bhfuil a bhformhór díobh sean agus riachtanais leighis acu agus/nó faoi mhíchumas, *inter alia*, cuairteoirí a bheith acu, lena n-áirítear gaolta. Ina theannta sin, d'fhulaing siad srianta a d'éirigh as ganntanais foirne. Mar gheall ar an dianghlasáil agus bearta eile tá deacrachtaí ag daoine scothaosta aire a thabhairt do chúraimí laethúla. Ciorraíodh freisin an soláthar seirbhísí cúraim sláinte nach mbaineann le COVID-19 agus cúram othar seachtrach. Is minic nach mbíonn rochtain ag daoine atá an-aosta, go háirithe, ar chumarsáid dhigiteach agus nach nglacann siad páirt inti, rud a fhágann faoi shrianta breise iad ó thaobh rochtain ar fhaisnéis, idirghníomhaíocht shóisialta agus rannpháirtíocht.

20. Tá ceart ag daoine scothaosta chun rannpháirtíocht iomlán sa saol poiblí, sóisialta agus cultúrtha, agus san oideachas, in oiliúint leanúnach agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Níos mó ná riamh is tríd an ngníomhaíocht dhigiteach a ráthaítear rannpháirtíocht agus cuimsitheacht ghníomhach shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch, agus ní hamháin le linn paindéime. I gcás roinnt daoine scothaosta is féidir leis an digiteáil a bheith ina constaic freisin. Dá bhrí sin, is gá feabhas a chur ar scileanna digiteacha agus ar inrochtaineacht seirbhísí digiteacha.

---

13 Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Coronavirus pandemic in the EU – Fundamental Rights Implications – Bulletin 3* [Paindéim an choróinvíris san Aontas - Feasachán 3, Lucsamburg 2020, https://fra.europa.eu/en/publication/2020/covid19-rights-impact-june-1 agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, https://www.ecdc.europa.eu/en/covid-19-pandemic.

INA LÉIRÍTEAR SÁSAMH MAIDIR LEIS AN MÉID SEO A LEANAS:

21. An dul chun cinn suntasach atá déanta ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil maidir le deich ngealltanas UNECE (RIS/MIPAA)[14] a chur chun feidhme, lena n-iarrtar, inter alia, deireadh a chur le hidirdhealú aoise, faillí, mí-úsáid, agus foréigean i gcoinne daoine scothaosta.

22. Mar pháirtithe sa Choinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ní mór do na Ballstáit uile agus don Aontas a áirithiú ina n-inniúlachtaí féin faoi seach go n-áireofar sna bearta go léir a bhaineann le cinnteoireacht agus le hinniúlacht dhlítheanach daoine scothaosta faoi mhíchumas (lena n-áirítear na srianta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun iad a chosaint) scéimeanna cosanta leordhóthanacha agus éifeachtacha chun mí-úsáid a chosc;

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FÉIN AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

23. cur chuige A GHLACADH atá comhtháite ó thaobh aoise lena n-áirítear peirspictíocht atá bunaithe ar chearta agus ar shaolré maidir le haosú, agus na difríochtaí idir mná agus fir á gcur san áireamh, mar shampla, trí chumarsáid dhearfach maidir le haosú agus íomhánna den aosú a chur chun cinn, béim a leagan ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leis an aosú, chomh maith le haitheantas a thabhairt don réimse leathan difríochtaí atá idir daoine scothaosta agus trí thuiscint níos fearr ar rannchuidiú na ndaoine scothaosta i dtaca leis an gcomhtháthú sóisialta agus leis an ngeilleagar;

24. MACHNAMH A DHÉANAMH AN bhFÉADFAÍ cur chuige ceartabhunaithe a úsáid agus straitéisí scoir ó phaindéim COVID-19 á múnlú acu;

---

**14** An Straitéis Cur Chun Feidhme Réigiúnach do Phlean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Mhaidrid maidir le hAosú do Réigiúin UNECE.

25. Éagsúlachtaí idir dálaí maireachtála daoine scothaosta A CHUR SAN ÁIREAMH - éagsúlachtaí a bhraitheann ar imthosca agus ar thosca éagsúla. Ní mór é sin a chur san áireamh agus beartais éifeachtacha á gceapadh a dhéanann difear go díreach nó go hindíreach do dhaoine scothaosta;

26. An cuimsiú sóisialta agus an dlúthpháirtíocht fhrithpháirteach idir na glúine éagsúla A NEARTÚ agus an t-aosú A PHRÍOMHSHRUTHÚ i ngach réimse beartais chun cabhrú le sochaí agus le geilleagar a oiriúnú go hiomchuí don athrú déimeagrafach ar mhaithe le sochaithe a fhorbairt a fhreastalóidh ar riachtanais agus ar leasanna daoine gan beann ar aois;

27. AN tAOS ÓG A CHUR AR AN EOLAS faoi rannchuidiú luachmhar daoine scothaosta i leith na sochaí agus ar an gcaoi sin an muintearas ó ghlúin go glúin a neartú agus an t-aoiseachas a laghdú;

28. Daoine scothaosta, go háirithe mná scothaosta A BHEITH RANNPHÁIRTEACH GO DÍREACH, i ngach próiseas cinnteoireachta a théann i bhfeidhm ar a saol agus sochar agus dochar na gcinntí sin A CHOTHROMÚ i ngach cás ar leith, agus cearta agus rannpháirtíocht daoine scothaosta á lánurramú, agus cothromaíocht leordhóthanach agus dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin á gcur san áireamh;

29. Sásraí le haghaidh rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa chinnteoireacht i ndáil le daoine scothaosta sa saol digiteach, i gcás inarb iomchuí, A FHORBAIRT A THUILLEADH;

30. A ÁIRITHIÚ go bhfuil na bearta cosanta is gá le linn géarchéimeanna sláinte comhréireach a mhéid a dhéanann na bearta sin difear do chearta, do leasa agus do dhea-bhail daoine scothaosta, go mór mór don mheabhairshláinte agus don cháilíocht saoil;

31. Cosaint shóisialta leordhóthanach A CHUR AR FÁIL do gach duine scothaosta agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí atá an-leochaileach, inter alia, chun an bhochtaineacht i measc daoine scothaosta a chosc;

32. An t-aosú gníomhach folláin A CHUR CHUN CINN – lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as tionchar dearfach na teicneolaíochta digití sna seirbhísí poiblí, e.g. sna seirbhísí sláinte agus sóisialta – agus saol oibre a bheadh níos faide A CHUR CHUN CINN, mar shampla trí mhallscor deonach agus aistriú solúbtha de réir a chéile chuig aois scoir a chumasú;

33. TACÚ LE cineálacha éagsúla oideachais agus oiliúna, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna, lena n-áirítear scileanna teicneolaíochta agus digiteacha agus IAD A NEARTÚ. Tá sin ar fad thar a bheith tábhachtach don rannpháirtíocht sa saol digiteach agus sa saol sóisialta agus ba cheart iad a úsáid freisin chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach atá ann idir mná agus fir;

34. An digitiú A MHÚNLÚ maidir leis an méid seo a leanas, go háirithe, seirbhísí poiblí amhail an tsláinte, cúram fadtéarmach agus seirbhísí sóisialta eile, ionas go mbeidh rochtain éasca ar na seirbhísí sin, go mbeidh siad soláimhsithe don úsáideoir, agus chomh saor ó bhacainní agus is féidir, agus a áirithiú san am céanna go gcoimeádfar seirbhísí neamhdhigiteacha. Ní mór béim ar leith a leagan ar chearta (lena n-áirítear cearta cosanta sonraí) agus ar riachtanais daoine scothaosta, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas. Tá mar chuspóir aige, go mór mór,

a) RANNCHUIDIÚ le laghdú a dhéanamh ar an imeallú sóisialta trí chineálacha cumarsáide digití atá ar ardcháilíocht, inrochtana agus éasca le húsáid;

b) Rochtain éasca ar líne A ÉASCÚ, i gcás inar féidir, ar réimse leathan saoráidí cultúir, oideachais agus foghlama, amhail leabharlanna, seimineáir, cineálacha éagsúla ranganna, *inter alia* cúrsaí teanga, chun an tairseach do dhaoine faoi mhíchumas, ar daoine scothaosta go minic iad, a ísliú;

c) An chian-rannpháirtíocht in imeachtaí sóisialta, oideachais agus cultúir A CHUMASÚ;

d) Rannpháirtíocht sa chinnteoireacht pholaitiúil A CHUMASÚ, lena n-áirítear toghcháin, más rud é gur go digiteach a eagraítear iad sin;

e) TACÚ le daoine scothaosta scileanna digiteacha a fhorbairt, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ar bhealach sábháilte agus freagrach trí thionscnaimh foghlama ar feadh an tsaoil a bhaineann go sonrach leis an spriocghrúpa;

f) CÚNAMH A THABHAIRT DO dhaoine scothaosta agus iad A CHUMHACHTÚ maidir le gnáth-thascanna agus cásanna, amhail an tsiopadóireacht, an chumarsáid agus an teagmháil le cairde agus le muintir, mar aon leis an gcaidreamh sóisialta a choinneáil ar bun, trí tháirgí digiteacha agus bonneagar inrochtana;

g) Rannpháirtíocht eacnamaíoch A FHEABHSÚ A THUILLEADH trí rochtain shábháilte ar an ríomhthráchtáil agus ar an mbaincéireacht ar líne a chur ar fáil agus trí fheabhas a chur ar eolas daoine scothaosta ar chearta an tomhaltóra, go háirithe maidir leis an ríomhthráchtáil;

h) Seirbhísí teilileighis A CHUR AR FÁIL agus A SHIMPLIÚ agus leas a bhaint as na huirlisí a bhaineann leis an tsláinte atá cumasaithe go digiteach mar rogha bhreise do dhaoine gan beann ar aois, agus ar an mbealach sin an riosca i gcás ionfhabhtuithe a tholgadh trí theagmháil dhíreach le daoine breoite i seomraí feithimh a ísliú agus rochtain ar chomhairle leighis agus shóisialta a éascú;

i) AGHAIDH A THABHAIRT ar na dúshláin a eascraíonn as an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar chúram fadtéarmach mar gheall ar an aosú agus BREATHNÚ cé mar is féidir an digitiú agus an teicneolaíocht leasa a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i seirbhísí cúraim chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar sholáthar seirbhísí, amhail teileachúram, lena n-áirítear geallsealbhóirí ábhartha, othair agus na comhpháirtithe sóisialta sa phróiseas;

j) A ÁIRITHIÚ go mbeidh aon ghléas rianaithe a úsáidtear le linn géarchéimeanna sláinte, a mhéid is féidir, saor ó bhacainní, inrochtana agus éasca le húsáid, agus i gcomhréir leis na rialacháin maidir le cosaint sonraí agus, ar an gcaoi sin, gur féidir é a fheidhmiú go héasca agus é mar aidhm leis gan cur isteach go díréireacha ar shaoirse gluaiseachta aoisghrúpaí áirithe;

k) A ÁIRITHIÚ go mbeidh seirbhísí poiblí trédhearcach chun todhchaí níos athléimní agus níos digití a ráthú chun leas daoine scothaosta;

35. BREATHNÚ ar na tairbhí a bhaineann le pleanáil chliste uirbeach agus tuaithe, le bonneagair soghluaisteachta poiblí agus le tithe cliste chun rannpháirtíocht daoine scothaosta sa saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas, a éascú, agus múnlaí nua den aosú dearfach a thairiscint agus, ag an am céanna, daoine scothaosta a chumhachtú chun neamhspleáchas, dea-bhail agus cáilíocht saoil níos airde a choimeád;

36. A nDÍCHEALL A DHÉANAMH CHUN A ÁIRITHIÚ gur próiseas cuimsitheach é an digitiú lena gcuirtear feabhas ar rochtain ar sheirbhísí agus go ndéanfar an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht[15] a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil, agus BEARTA EILE A DHÉANAMH chun an digitiú a chur ar fáil do chách;

37. A ÁIRITHIÚ trí mhodhanna malartacha go mbeidh na cearta céanna acu siúd nach bhfuil in ann úsáid iomlán a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus atá ag grúpaí eile den daonra;

38. A CHUR SAN ÁIREAMH an plé a bhí ag an gComhdháil Chomhpháirteach idir Age Platform Europe, BAGSO[16] agus Uachtaránacht na Gearmáine i ndáil le ceapadh beartas breise maidir le cearta daoine scothaosta;

39. an ceart chun cúraim sláinte agus chun cúraim fhadtéarmaigh A RÁTHÚ, i gcomhréir le colún Eorpach na gceart sóisialta, lena n-áirítear rochtain ar chúram sláinte ar bhonn comhionann, atá bunaithe ar thoiliú feasach sonrach, agus cinntí maidir le hábhair leighis A BHUNÚ ar phrionsabail eiticiúla a dhíríonn ar dhínit dhúchasach an duine, cosaint chearta an duine, comhionannas inscne agus ar an gcaighdeán is airde dea-bhaile is féidir a bhaint amach, mar aon leis an gcáilíocht saoil is airde is féidir a bhaint amach. Níor cheart gurb iad critéir amhail aois duine an t-aon toisc amháin lena gcinnfear rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte nó úsáid leanúnach na seirbhísí sin; níor cheart iad a chur i bhfeidhm ach amháin i gcomhthéacs measúnú cliniciúil ar riocht sláinte othair;

40. cistiú ón Aontas, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa agus bearta réigiúnacha agus struchtúrtha, A ÚSÁID chun aosú gníomhach neamhspleách, ó thaobh rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil, a éascú, go háirithe sa saol digiteach agus le tacaíocht do neamhspleáchas daoine scothaosta, mar shampla trí sheirbhísí sóisialta agus bonneagar ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta a fheabhsú, agus trí thacaíocht a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaithe poiblí áitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann na bearta sin chun feidhme in áiteanna ina bhfuil cónaí ar dhaoine scothaosta;

---

15 Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ceanglais infhaighteachta do tháirgí agus do sheirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115.

16 Bundesarbeitsgemeinschaft der Seniorenorganisationen (Cumann Náisiúnta Eagraíochtaí Seanóirí na Gearmáine).

41. sonraí inchomparáide ábhartha maidir le cearta agus staid daoine scothaosta, imdhealaithe de réir inscne, amhail bailiú sonraí agus anailís Eurostat *Ageing in Europe* [Ag aosú san Eoraip] A CHUR SAN ÁIREAMH agus bearta breise á bhforbairt acu; agus

42. LEANÚINT DE RANNCHUIDIÚ le cruinnithe de chuid Mheitheal Neamhiata um Aosú na Náisiún Aontaithe agus le próiseas UNECE; BÉIM NÍOS MÓ A LEAGAN ar chur chuige ceartabhunaithe bheartas seachtrach an Aontais sa réimse seo;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

43. MACHNAMH A DHÉANAMH ar chaibidil dá Pháipéar Uaine maidir le hAosú' a thiomnú do chearta daoine scothaosta, lena n-áirítear daoine scothaosta faoi mhíchumas, ag díriú go háirithe ar an méid is airde neamhspleáchais agus rannpháirtíochta is féidir a bheith ag daoine scothaosta sa tsochaí, agus gnéithe comhionannais inscne á gcur san áireamh, agus béim ar leith á leagan ar mhná scothaosta; DÍRIÚ ar aosú mar dheis don tsochaí agus ar an gcaoi a bhféadfaí sin a úsáid mar bhonn do na bearta breise sa réimse seo;

44. LEANÚINT DE THACAÍOCHT A THABHAIRT do na Ballstáit i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar ghalair ainsealacha a chosc, cur chun cinn na sláinte, míchumas a bhainistiú agus forbairt beartas cúraim sláinte fhadtéarmaigh a neartú, agus béim ar leith ar an digitiú, chomh maith le daoine scothaosta a chumhachtú úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun faireachán níos fearr a dhéanamh go neamhspleách ar a sláinte;

45. LEANÚINT DE shonraí a bhailiú trí Eurostat lena gcuirtear ar fáil tacar sonraí uile-Aontais atá inchomparáide agus imdhealaithe, amhail anailís Eurostat '*Ageing in Europe*' [Ag aosú san Eoraip], a bheidh mar bhonn do cheapadh beartais amach anseo;

46. BREITHNIÚ A DHÉANAMH ar ardán digiteach maidir le 'Rannpháirtíocht agus obair dheonach i ndiaidh shaol na hoibre' a bhunú, a d'fhéadfadh a nascadh le tionscadail bunaithe ar rannpháirtíocht saoránach Eorpach atá ann cheana. Leis an ardán sin, d'fhéadfaí dreasachtaí agus faisnéis a chur ar fáil do dhaoine scothaosta chun páirt a ghlacadh in obair dheonach trasteorann trí leas a bhaint as an saineolas, na scileanna agus na cumais atá acu. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé údaráis áitiúla agus gníomhaithe eile a chur ar an eolas maidir le straitéisí agus tionscadail chun daoine scothaosta a thabhairt isteach san obair dheonach agus áit a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil suim acu san obair dheonach tuilleadh treorach a fháil maidir le deiseanna a aimsiú.

47. malartuithe idirghlúine breise, tríd an obair dheonach, A CHUR CHUN CINN, lena gcuirfí deiseanna ar fáil do dhaoine óga tacú le daoine scothaosta agus idirghníomhú leo, lena n-áirítear trí chur le cláir ábhartha de chuid an Aontais, amhail an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, a bhfuil sé mar aidhm aige deiseanna a chruthú do dhaoine óga rannchuidiú lánbhrí a dhéanamh don tsochaí, agus inniúlachtaí agus scileanna a shealbhú dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil;

48. MACHNAMH A DHÉANAMH ar chaibidil ar leith a bhunú ar dhaoine scothaosta in *'Action Plan on the Implementation of the European Pillar of Social Rights'* [Plean gníomhaíochta chun colún Eorpach na gceart sóisialta a chur chun feidhme], atá le foilsiú in 2021, lena ndéanfaí measúnú ar an gcaoi is féidir bearta ar leibhéal an Aontais a cheapadh chun neamhspleáchas daoine scothaosta a bhaint amach agus a fheabhsú tráth an digitithe agus rannpháirtíocht daoine scothaosta i saol gníomhach agus i múnlú na sochaí a chur chun cinn, rud a chuirfeadh le dea-bhail daoine scothaosta. Ba cheart a áirithiú leis sin bearta chun rannpháirtíocht i bpróisis dhaonlathacha a fheabhsú agus bearta ábhartha eile a leagtar amach i mír 34. D'fhéadfadh an Coimisiún agus na Ballstáit, chomh maith le heagraíochtaí bainteacha eile, úsáid a bhaint as an measúnú sin; agus

49. LEANÚINT dá anailís chomparáideach i gcomhar leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta, ar inbhuaine agus leordhóthanacht na gcóras pinsean san Aontas trí bhíthin na dtuarascálacha maidir le leordhóthanacht pinsean;

IARRANN SÍ AR AN nGNÍOMHAIREACHT UM CHEARTA BUNÚSACHA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

50. BREATHNÚ ar thionchar an digitithe ar chearta bunúsacha, rannpháirtíocht ghníomhach agus dea-bhail daoine scothaosta; agus

51. ionchur agus saineolas A SHOLÁTHAR do na Ballstáit faoi chuimsiú an Fhoghrúpa maidir le Sonraí Comhionannais (Grúpa Ardleibhéil an Aontais maidir leis an Neamh-Idirdhealú, leis an gComhionannas agus leis an Éagsúlacht) i ndáil le sonraí imdhealaithe a bhailiú chun solas a tharraingt ar neamh-chomhionannas a bhaineann le haois, lena n-áirítear leithdháileadh sonraí de réir an chúlra shocheacnamaíoch;

IARRANN SÍ AR AN gCOISTE UM CHOSAINT SHÓISIALTA AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

52. LEANÚINT DE pheirspictíocht conaire saoil a CHOMHTHÁTHÚ sa mhachnamh a dhéanann siad ar na réimsí beartais atá laistigh dá sainchúram;

53. LEANÚINT DEN fhoghlaim fhrithpháirteach agus de chomhroinnt na ndea-chleachtas A CHUR CHUN CINN maidir leis an mbealach is fearr le haghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndaoine scothaosta agus lena áirithiú go mbeidh dea-bhail orthu agus saol faoi dhínit acu, chomh maith le rochtain ar an saol digiteach; agus

54. LEANÚINT DÁ CHUID OIBRE, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar an sásra chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.